C/2024/5863

26.9.2024

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.11634 – MASDAR / TERNA)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2024/5863)

1. An 16 Meán Fómhair 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Abu Dhabi Future Energy Company PJSC ('Masdar', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha), faoi rialú Abu Dhabi Development Holding Company PJSC ('ADQ', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha),

— Terna Energy Industrial Commercial Technical SA ('Terna', an Ghréig), faoi rialú aonair GEK Terna Holdings, Real Estate Constructions Société Anonyme ('GEK Terna', an Ghréig).

Gheobhaidh Masdar rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Terna ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Masdar ionchorpraithe in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus is cuideachta fuinnimh in-athnuaite agus inbhuanaitheachta é a chuireann réitigh i réimse an fhuinnimh, an uisce, na forbartha uirbí agus na dteicneolaíochtaí glana chun cinn in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus ar fud an domhain,

— Is cuideachta Ghréagach é Terna atá liostaithe ar Stocmhalartán na hAithne agus is fochuideachta de GEK TERNA é. Tá sé gníomhach i bhfuinneamh in-athnuaite sa Ghréig agus tá láithreacht aige sa Pholainn agus sa Bhulgáir chomh maith.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11634 – MASDAR / TERNA

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË